View in browser

25 Samhain 2021

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 75






## CEOL, CÓDÚ, CINEÁLTAS & CARRAIGEACHA

Bhí seachtain thar a bheith gnóthach ag pobal na scoile an tseachtain seo. Ghlac "Girseacha na Gaillimhe", cúigear as an idirbhliain páirt i réamhbhabhta **Scléip** Dé Máirt. Tá Síofra, Clíona, Katie, Amy & Nadja sa ghrúpa. Bhí an comórtas eagraithe ag Gael Linn i dTaibhdhearc na Gaillimhe. Chas siad an t-amhrán 'Abair liom' a scríobh 'A Great Big World'. Sheinn Nadja ar an bpianó agus Síofra ar an veidhlín. D'fhreastail an chéad bhliain agus an idirbhliain ar chúrsa chódú le PJ Mullin ó Whizzkids ar an Luan. Dhear an chéad bhliain cluiche ríomhaireachta agus dhear an idirbhliain suíomh gréasáin. Bhí "Seachtain Feasachta Seasamh Suas" ar siúl sa scoil an tseachtain seo caite freisin. Bhain scoláirí agus múinteoirí taitneamh as an Lá Cineáltais agus chaith muid uilig geansaí i ndathanna an Brat LGBTI+. Bhí Benjamin Thenaudeau, Geolaí le Geopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair ag labhairt le scoláirí na scoile freisin mar pháirt do Sheachtain na Tíreolaíochta a bhí á cheiliúradh againn sa scoil an tseachtain seo caite.

Scríofa ag Rang na hIdirbhliana, Coláiste Cholmcille.






## FOLÚNTAIS AG AN BPRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag earcú faoi láthair, agus iad sa tóir ar áiritheoirí le cúnamh a thabhairt le daonáireamh 2022. Conradh 10 seachtaine ar bheas ann ag tosú ar an 28ú Feabhra go dtí 6ú Bealtaine 2022. Tá na huaireanta solúbtha, go háirithe san oíche agus i rith na deireadh seachtaine, ach 22 uair an chloig ar a laghad in aghaidh na seachtaine atá i gceist. Tá sé tábhachtach go mbeidh na hiarrthóirí compordach agus muiníneach a bheith ag plé leis an bpobal agus ag cloí le spriocdhátaí. Is féidir níos mó eolais a fháil anseo. Glacfar le hiarratais go dtí Dé hAoine 3ú Nollaig.

## FÉILE CHOIS FHARRAIGE AR BUN

Cé gur cuireadh ar athló roinnt de na himeachtaí móra a bhí beartaithe a chur ar stáitse le linn Fhéile Chois Fharraige, chuathas ar aghaidh le roinnt mhaith de na himeachtaí eile. Ar feadh cúig oíche den fhéile bhí deis ag daoine an píosa ceoil a bhí curtha le chéile ag Johnny Óg Connolly i gcuimhne ar a athair, an boscadóir clúiteach Johnny Phádraig Pheitir, a chloisteáil beo i Stiúideo Cuan. Chomh maith le sin, tháinig grúpa le chéile ar an Domhnach le tóraíocht taisce a dhéanamh ar an Trá Mhór. Bhain na gasúir idir taitneamh agus tairbhe as an lá, agus bhí an t-ádh dearg leo gur tháinig an ghrian amach ar feadh tamaillín!







Nochtadh leac cuimhneacháin ar an mballa ag Folan's Corner, trasna ó Shiopa Mhic Phroinnséis i Sráidbhaile An Spidéil, le linn na Féile, i gcuimhne ar an luíochán a chuir baill de Óglaigh na hÉireann ar an RIC 100 bliain ó shin ar an 14 Bealtaine 1921. Cé nár maraíodh aon duine den RIC san ionsaí, baineadh díoltas amach ar theaghlaigh na nÓglach a bhí páirteach san ionsaí nuair a las na Black an' Tans ó Ghaillimh ceithre theach i gceantar An Spidéil. Nochtadh leac eile le linn na Féile, nuair a ainmníodh an droichead coisithe a thrasnaíonn Abhainn Bholuisce i gcuimhne ar Thimín Joe Tim Ó Curraidhín, ón gCnocán Glas, a bhásaigh mí Feabhra seo caite. Comhlacht Forbartha an Spidéil a shocraigh an droichead a ainmniú i gcuimhne ar Thimín Joe Tim. Le ómós a thaispeáint do Thimín, bhailigh daoine le chéile - idir comharsana, cairde agus daoine muinteartha leis - ag Seanchéibh An Spidéil,  ar an Satharn. Dúirt Cathaoirleach Chomhlacht Forbartha an Spidéil, Steve Sweeney, nach mbeadh an cosán siúil cois cladaigh déanta, ná an droichead coisithe trasna na habhann, murach obair Thimín Joe Tim. Sí a gharinían, Clódadh Ní Dhioráin, a nocht an chloch ar a bhfuil ainm an droichid greanta, 'Droichead Timín Joe Tim'. Tá meitheal na féile ag súil go mór le na himeachtaí eile - Le Cion ar Joe agus Ceolchoirm Cholmcille a reáchtáil sa bhliain nua.

## SCÉIM NA GCOMPÁNTAS DRÁMAÍOCHTA PROIFISIÚNTA AGUS AMAITÉIREACH 2022

Tá Scéim na gCompántas Drámaíochta Proifisiúnta agus Amaitéireach de chuid Foras na Gaeilge ar oscailt anois. Díríonn an scéim seo ar chompántais drámaíochta Gaeilge a bhfuil sé mar aidhm acu drámaíocht na Gaeilge a chothú, a fhorbairt, agus a chur ar fáil d'earnáil na n-ealaíon, do phobal na Gaeilge, don mhórphobal, agus don earnáil oideachais. Glacfar le hiarratais go dtí Dé Luain 10ú Eanáir @ 12 meánlae. Is féidir níos mó eolais, chomh maith leis na cáipéisí a bhaineann leis an scéim a fháil anseo.

## LITIR CHUIG SANTAÍ

Beidh **Tuismitheoirí na Gaeltachta** ag tabhairt cúnaimh do Dhaidí na Nollag arís i mbliana le cinntiú go bhfaigheann sé na litreacha ar fad ó ghasúir na Gaeltachta. Is féidir do litir chuig Santaí a sheoladh chuig f/ch Tuismitheoirí na Gaeltachta, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe, H91 Y0R2 Moltar ainm agus seoladh na bpáistí a scríobh ar an litir freisin nó beidh mearbhall ar an bhFear Mór! Iarrtar na litreacha a bheith sa bposta roimh an 6 Nollaig.





## BREDA HUGHES: AOI NA HAOINE

Is í Breda Hughes as an Spidéal a bhí i mbun cainte le Fionnuala Ní Neachtain ar an gclár Iris Aniar le gairid mar agallamh na hAoine. Chaith Breda blianta fada i bhfeighil an tí ósta 'Tigh Hughes' agus bhí cáil mhór ar an áit mar theach ceoil. Dhún Breda na doirse ar an teach ósta thart ar seacht mbliana ó shin. Insíonn Breda go leor leor scéalta san agallamh maidir le stair shaibhir an tí ósta agus an caidreamh atá ag a muintir féin leis thar na blianta. Is féidir éisteach leis an agallamh anseo.

## LEABHAR GAEILGE NA BLIANA

Comhghairdeachas ó chroí le Tadhg Mac Donnagáin, údar an úrscéil Madam Lazare a bhuaigh gradam Leabhar Gaeilge na Bliana ag Gradaim Leabhar An Post le gairid. Is iomaí gradam, moladh agus léirmheas iontach atá faighte ag an úrscéal a bhí foilsithe níos luaithe sa bhliain ag Barzaz. Is féidir





do chóip den leabhar a cheannach anseo.

## FOLÚNTAS AG TG4

Tá TG4 ag glacadh le hiarratais faoi láthair le bearna ar a bhfoireann a líonadh. Bainisteoir ar Chainéal CÚLA4 atá ag teastáil ó TG4 - post sinsearach agus dúshlánach atá ann ag bainistiú agus ag forbairt Chainéal CÚLA4. I gceannáras TG4 i mBaile na hAbhann a bheas an té a éiríonn leis/léi lonnaithe. Beidh an bainisteoir freagrach as straitéis agus plean oibre Chainéal CÚLA4 a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, forbairt a dhéanamh ar mhargaíocht, feachtais agus imeachtaí an chainéil chomh maith le sceideal agus láithreachas CÚLA4 a bhainistiú. Is féidir níos mó eolais faoin bpost a fháil anseo. Glacfar le hiarratais go dtí Dé hAoine 10ú Nollaig @ 4i.n.

## CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Beidh Club Leabhar Chois Fharraige ag teacht le chéile ar an gCéadaoin, 15 Nollaig i dTigh Mholly leis an úrscéal "Rún an Bhonnáin" le Prionsias Mac an Bhaird a phlé. Sár-leabhar atá ann maidir le dúnmharfóir srathach ag an Oireachtas. Tá sé ar fáil i siopa Cló Iar-Chonnacht sa Spidéal. Is féidir teagmháil a dhéanamh le clubleabharcf@gmail.com le tuilleadh eolais a fháil faoin gclub. Bígí ag léamh!




Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

mailer lite